



**VACSAÍN  
COVID-19**  
Comhairle  
Sláinte Poiblí

# Eolas d'oibrithe cúraim sláinte Do theandáileog den vacsaín in aghaidh COVID-19

Ba chóir duit teandáileog a fháil más oibrí cúraim sláinte thú a bhfuil cúrsa vacsaíne in aghaidh COVID-19 críochnaithe agat cheana féin. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach má oibríonn tú le hothair go díreach.

Is é seo an moladh ón gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh.

## **Cén fáth ar cheart dom teandáileog den vacsaín a fháil?**

Is mó an riosca go dtiocfaidh oibrithe cúraim sláinte i dteagmháil le COVID-19 trína gcuid oibre ná daoine eile.

Tá súil againn go dtabharfaidh teandáileog cosaint níos fearr duit in aghaidh COVID-19 agus, ar an gcaoi sin, go ndéanfaidh sí a cion féin le do chuid othar, do mhuintir, do chuid comhghleacaithe agus daoine eile sa phobal a chosaint.

## **Cén vacsaín a cheadaítear dom a fháil?**

Táimid ag tairiscint dáileog amháin den vacsaín Comirnaty® (Pfizer BioNTech) nó den vacsaín Spikevax® (Moderna) duit. Is vacsaíní mRNA iad sin.

Is féidir leat an vacsaín seo a fháil fiú má fuair tú vacsaín eile roimhe seo.

Tabharfaimid bileog eolais faoin vacsaín duit. Tá eolas tábhachtach inti; léigh go cúramach í. Tá sí le fáil ag [hse.ie/covid19vaccine/](https://hse.ie/covid19vaccine/) chomh maith.

## **Agus má tá mé ag iompar clainne?**

Tá an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh ag moladh do gach uile oibrí cúraim sláinte teandáileog a fháil, iad siúd atá ag iompar clainne ina measc. Má tá tú ag iompar clainne, ba cheart duit labhairt le d'obstatraí, le do dhochtúir teaghlaigh nó le do chnáimhseach faoi theandáileog den vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil.

## **Cén chosaint a bheidh agam má fhaighim teandáileog den vacsaín in aghaidh COVID-19?**

Níl a fhios againn go fóill cén leibhéal cosanta in aghaidh COVID-19 a bheidh agat tar éis teandáileog a fháil. Is é sin an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin go leanfá ort ag cloí leis an gcomhairle sláinte poiblí agus leis an gcomhairle um chosc agus rialú ionfhabhtaithe chun tú féin agus do chuid othar a chosaint in aghaidh COVID-19.

## Cathain ba cheart dom teanndáileog den vacsaín a fháil?

Ba cheart duit teanndáileog den vacsaín a fháil thart ar shé mhí tar éis duit cúrsa vacsaíne in aghaidh COVID-19 a chríochnú.

Ní gá duit teanndáileog a fháil ag an am seo más rud é:

- go bhfuair tú dáileog bhreise den vacsaín cheana féin de bharr go bhfuil tú imdhíon-lagaithe
- go bhfuair tú teanndáileog cheana féin de bharr go bhfuil tú 60 bliain d'aois nó os a chionn

Má bhí COVID-19 ort ó vacsaíníodh thú, fan go ceann sé mhí tar éis d'ionfhabhtaithe roimh duit dáileog bhreise a fháil.

## Céard is eol dúinn faoi shábháilteacht na teanndáileoige?

Níl an méid céanna faisnéise againn maidir le sábháilteacht na teanndáileoige den vacsaín in aghaidh COVID-19. Tá teanndáileoga á dtabhairt i roinnt tíortha. De réir na staidéar atá déanta ar dhaoine a fuair teanndáileog, níl aon fho-iarmhairtí tromchúiseacha i gceist léi. Ní heol dúinn go fóill an bhfuil riosca ann go dtiocfadh míocairdíteas nó peireacairdíteas ort tar éis teanndáileog a fháil, ar fo-iarmhairtí iad nach bhfeictear ach go han-annamh.

## An bhfuil teanndáileog den vacsaín ceadúnaithe ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach?

Tá dáileog bhreise den vacsaín mRNA chéanna ceadaithe ag an nGníomhaireacht. Tá an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh ag moladh gur féidir leat aon cheann de na vacsaíní mRNA a fháil mar theanndáileog, is cuma cén vacsaín a fuair tú ar an gcéad dul síos. Má fuair tú an vacsaín AstraZeneca, cuir i gcás, taigfear teanndáileog de Moderna nó Pfizer duit anois, ach amháin mura féidir leat vacsaín mRNA a fháil ar chúiseanna leighis. Is é sin atá á mholadh ag an gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh, ach níl sé ceadaithe fós ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach. Téigh chuig [ema.europa.eu](https://ema.europa.eu) le tuilleadh eolais a fháil.

## An féidir liom an teanndáileog den vacsaín a fháil ag an am céanna leis an vacsaín in aghaidh fliú nó le vacsaíní eile?

Is féidir teanndáileog den vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil ag an am céanna leis an vacsaín in aghaidh fliú nó le vacsaíní eile. Molaimid go láidir duit an vacsaín in aghaidh fliú a fháil mura bhfuair tú cheana í.

## Tuilleadh eolais

Tá tuilleadh eolais faoi na vacsaíní le fáil ar [hse.ie/covid19vaccine/](https://hse.ie/covid19vaccine/)

Is féidir leat labhairt le do dhochtúir teaghlaigh, altra, cógaiseoir nó vacsaíneoir chomh maith.